



Imlitir 0006/2014

**Chuíg: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna
Cuimsitheacha Aitheanta
agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington)

Scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta

Réamhrá

1. Is í aidhm na hImlitreach seo ná Údaráis Bhainistíochta, na Boird Oideachais agus Oiliúna, na Príomhoidí agus na Múinteoirí a chur ar an eolas faoi na hathruithe ar an scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta atá le teacht i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14, ag eascairt as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington)
2. Toisc go ndéanann an Imlitir seo comhdhlúthú ar na hathruithe ar an scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta ag eascairt as Comhaontú Bhóthar Haddington, cuirtear téarmaí na hImlitreach 49/2013 as ionad leis seo. Más rud é, áfach, gur cuireadh ceann ar bith de na bearta a leagtar amach anseo thíos i bhfeidhm ar mhúinteoirí faoi théarmaí na hImlitreach 49/2013, níor chóir na bearta sin a chur i bhfeidhm ar an múinteoirí athuair de dheasca na hImlitreach seo.

Rannpháirtíocht Éigeantach sa Scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta do Mhúinteoirí

3. Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14, beidh rannpháirtíocht sa scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta éigeantach do na múinteoirí uile, ach amháin dóibh siúd a roghnaíonn leas a bhaint as an socrúchán rogha an diúltaithe a dtugtar cur síos air thíos anseo.

Athrú sna Riachtanais Uaireanta Bliantúla agus Seachtainiúla

4. Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14, beidh ar gach múinteoir 43 uair an chloig maoirseachta agus ionadaíochta a sholáthar in aghaidh na bliana. Áireoidh sé seo freisin clúdach ionadaíochta a sholáthar do na neamhláithreachtaí a dtagraítear dóibh in alt 9 thíos. Beidh dliteanas ar an múinteoirí uile atá ag obair ar feadh líon uaireanta níos lú ná líon iomlán na n-uaireanta maoirseachta agus ionadaíochta a sholáthar ar bhonn pro-rata.
5. Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14, méadófar an t-am atá sannta faoi láthair do mhaoirseacht agus ionadaíocht ó 1.5 uair an chloig in aon seachtain ar leith go dtí 3 uair an chloig. Sa chomhthéacs seo, ní féidir an t-am breise a úsáid ach amháin le haghaidh ionadaíochta.
6. Ardófar an riachtanas go mbeidh múinteoir ar fáil do 3 thréimhse ranga amchláraithe in aghaidh na seachtaine go dtí 5 thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine.
7. Beidh ar mhúinteoirí páirtaimseartha a bheith ar fáil do na tréimsí ranga seo a leanas in aghaidh na seachtaine:
 - a) Múinteoirí atá ag obair ar feadh suas le 12 uair an chloig (agus an líon sin san áireamh) de theagmháil ranga in aghaidh na seachtaine = 3 thréimhse ranga
 - b) Múinteoirí atá ag obair ar feadh níos mó ná 12 uair an chloig agus suas le 17 uair an chloig (agus an líon sin san áireamh) de theagmháil ranga in aghaidh na seachtaine = 4 thréimhse ranga
 - c) Múinteoirí atá ag obair ar feadh níos mó ná 17 uair an chloig de theagmháil ranga in aghaidh na seachtaine = 5 thréimhse ranga
8. Tá breithniú á dhéanamh ag grúpa oibre, ina bhfuil an Roinn, comhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumann páirteach, ar shaincheist uainchlárú na ndualgas maoirseachta agus ionadaíochta, ag féachaint le prótacal a chur ar bun don scoilbhliain 2014/15. Eiseofar tuilleadh cumarsáide maidir leis an ábhar seo de réir mar is cuí.

Úsáid Uaireanta faoin Scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta

9. Chomh maith leis an úsáid faoin scéim atá ann faoi láthair, bainfear úsáid as uaireanta a chuirfear ar fáil faoin scéim leasaithe Mhaoirseachta agus Ionadaíochta mar seo a leanas:
 - Le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2013/14 – chun neamhláithreachtaí saoire tinnis gan teastas uile a chlúdach
 - Le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2014/15 – chun an chéad lá de shaoire *force majeure* agus de shaoire tinnis sa teaghlach a chlúdach.

Íocaíochtaí Maoirseachta agus Ionadaíochta

10. Scoirfear den líuntas maoirseachta agus ionadaíochta le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2013/14.

11. Maidir le múinteoir a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin, déanfar a s(h)ochair aoisliúntais a ríomh trí thagairt do na scálaí pá agus liúntais inphinsin a bhaineann leis/léi ar an 30 Meitheamh 2013 i.e. déanfar neamhaird de tharraingt siar an liúntais mhaoirseachta agus ionadaíochta do chúiseanna aoisliúntais i leith na ndaoine sin a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin.
12. Cuirfear ollíocaíocht bhreise de €1,592 san áireamh sa Bhunscála Comónta do mhúinteoirí in dhá pháirt – leath de sa scoilbhliain 2016/17 agus leath sa scoilbhliain 2017/18.

Socrúchán Rogha an Diúltaithe

13. Is féidir le duine a bhí fostaithe mar mhúinteoir le linn na scoilbhliana 2012/13 agus nach raibh an liúntas maoirseachta agus ionadaíochta á fháil aige/aici ar bhonn inphinsin le linn na scoilbhliana 2012/13 roghnú diúltú don riachtanas le dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a dhéanamh.
14. Beidh rogha an diúltaithe i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2014.
15. Sa chás go roghnaíonn an múinteoir an socrúchán seo, ní bheidh de cheangal air/uirthi dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a dhéanamh agus cuirfear laghdú atá combhionann leis an liúntas maoirseachta agus ionadaíochta (€1,769 in aghaidh na bliana don lucht iontrála roimh an 1 Eanáir 2011 nó €1,592 don lucht iontrála i ndiaidh an 31 Nollaig 2010) i bhfeidhm ar a t(h)uarastal ar bhonn leanúnach go dtí am scoir. Ba chóir a nótáil, má roghnaítear an socrúchán seo, go laghdófar cnapshuim scoir agus pinsean an mhúinteora i ndiaidh a scoir (ach amháin sa chás go dtéann múinteoir ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe mar atá leagtha amach in alt 20 thíos).
16. Sa chás go roghnaíonn an múinteoir an socrúchán diúltaithe seo agus go bhfuil luach saothair bliantúlaithe €65,000 nó níos mó aige/aici (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) agus gur laghdaíodh a p(h)á, beidh feidhm ag na bearta maolaithe um ghearradh ar phá níos airde mar atá i gComhaontú Bhóthar Haddington (féach Imlitir 5/2014). Mar sin féin, beidh an laghdú sa tuarastal a luaitear in alt 15 thuas i bhfeidhm freisin, fiú amháin i gcásanna ina gcuireann an laghdú a t(h)uarastal faoi bhun €65,000.
17. Cuirfear na leasuithe párolla ag eascairt rogha an diúltaithe i bhfeidhm a luaithe agus is féidir i ndiaidh an spriocama le foirmeacha diúltaithe a chur isteach agus le feidhm shiarghabhálach go dtí an 1 Eanáir 2014.
18. Ní féidir dul siar an rogha an diúltaithe agus, má tá an rogha sin déanta, ní féidir le múinteoir ina dhiaidh sin rogha a dhéanamh filleadh ar an riachtanas le dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a dhéanamh.
19. Nuair a chuirtear na laghduithe tuarastail dóibh siúd ar thuarastail níos airde ar ais, agus nuair atá an íocaíocht bhreise €1,592 san áireamh sa Bhunscála Comónta faoi théarmaí Chomhaontú Bhóthar (féach Imlitir 5/2014), cuirfear na bearta sin i bhfeidhm freisin ar mhúinteoir a rinne rogha an diúltaithe do dhualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta. Mar sin féin, leanfaidh an laghdú sa tuarastal a luaitear in alt 15 thuas i bhfeidhm ar a t(h)uarastal ar bhonn leanúnach go dtí am scoir agus, mar sin, laghdófar cnapshuim

scoir agus pinsean an mhúinteora i ndiaidh a scoir (ach amháin sa chás go dtéann múinteoir ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe mar atá leagtha amach in alt 20 thíos).

20. Maidir le múinteoir a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin, déanfar a s(h)ochair aoisliúntais a ríomh trí thagairt do na scálaí pá agus liúntais inphinsin a bhaineann leis/léi ar an 30 Meitheamh 2013 i.e. déanfar neamhaird den laghdú sa tuarastal a luaitear in alt 15 thuas do chúiseanna aoisliúntais i leith na ndaoine sin a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin.
21. Más mian le múinteoir incháilithe rogha an diúltaithe a dhéanamh ní mór dó/di an fhoirm ag Aguisín 1 a líonadh agus í a chur faoi bhráid Phríomhoide a scoile ar an gcéad dul síos. Is é an spriocdháta le foirmeacha a chur isteach ná an 28 Feabhra 2014. Ó tharla go bhfuil dliteanas ann le dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a dhéanamh go dtí go ndéantar rogha an diúltaithe, féadfaidh Príomhoide múinteoir a amchlárú do dhualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta faoi réir théarmaí na hImlitreach seo go dtí go bhfaightear foirm diúltaithe ón múinteoir sin.
22. Ba chóir do Phríomhoidí scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna na foirmeacha a chur isteach chuig rannóg Párolla an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a luaithe agus is féidir agus, ar an chaoi, tráth nach déanaí ná an 3 Márta 2014.
23. Ba chóir do Phríomhoidí Mheánscoileanna Deonacha agus Phobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha na foirmeacha a chur isteach sa phost chuig:

Foirmeacha Diúltaithe na Scéime Maoirseachta agus Ionadaíochta,
Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí

a luaithe agus is féidir agus, ar aon chaoi, tráth nach déanaí ná an 3 Márta 2014.

24. Sa chás go roghnaíonn múinteoir diúltú do dhualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta, leithdháilfear suim atá combhionann leis an liúntas maoirseachta agus ionadaíochta le scoil/BOO an mhúinteora chun dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a sholáthar faoi réir na socruithe roimh an 1 Iúil 2013, agus chun na críche sin amháin. Ní féidir an leithdháileadh seo a úsáid chun múinteoirí lánaimseartha, nó múinteoirí a roghnaigh diúltú do dhualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta, a íoc as maoirseacht agus ionadaíocht ar bhonn ócáideach/neamhinphinsin.

Scaipeachán agus Fiosruithe

25. Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo do bhaill uile an Bhoird Bhainistíochta/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingítear aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.

26. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie> .
27. Ba chóir fiosruithe maidir leis an Imlitir seo a sheoladh chuig: hraqueries@education.gov.ie

Padraig Maloney
Rannóg Párolla
20 Eanáir 2014

AGUISÍN 1

FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE DO MHAOIRSEACHT AGUS IONADAÍOCHT

Ainm: _____

Uimhir Phárolla Múinteora (ní hí seo uimhir chlárucháan na Comhairle Múinteoireachta):

Scoil agus Seoladh an Scoile: _____

Uimhir Rolla na Scoile: _____

Deimhním go raibh mé fostaithe mar mhúinteoir le linn na scoilbhliana 2012/13 agus nach raibh liúntas maoirseachta agus ionadaíochta á fháil agam ar bhonn inphinsin le linn na scoilbhliana 2012/13 agus gur mian liom roghnú diúltú don riachtanas le dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a dhéanamh faoi réir fhorálacha na hImlitreach 0006/2014. Dearbhaím go dtuigim, mar thoradh ar mo chinneadh roghnú diúltú do dhualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta, go laghdófar mo thuarastal ar bhonn leanúnach go dtí am scoir agus, má théim ar scor ar an 1 Meán Fómhair 2014 nó ina dhiaidh sin, go mbeidh laghdú ar mo chnapshuim scoir agus ar mo phinsean i ndiaidh dom dul ar scor.

Síniú: _____

Dáta: _____

Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna: Ba chóir do mhúinteoirí atá fostaithe ag Boird Oiliúna agus Oideachais an fhoirm seo a líonadh isteach agus í a chur faoi bhráid Phríomhoide na scoile. Is é an spriocdháta le foirmeacha a chur isteach ná an 28 Feabhra 2014. Ba chóir don Phríomhoide ansin an fhoirm a chur isteach sa phost chuig rannóg Párolla an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a luaithe agus is féidir agus, ar an chaoi, tráth nach déanaí ná an 3 Márta 2014.

Meánscoileanna Deonacha agus Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha: Ba chóir do mhúinteoirí atá fostaithe ag Meánscoileanna Deonacha agus Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha an fhoirm seo a líonadh isteach agus í a chur faoi bhráid Phríomhoide na scoile. Is é an spriocdháta le foirmeacha a chur isteach ná an 28 Feabhra 2014. Ba chóir don Phríomhoide ansin an fhoirm a chur isteach sa phost chuig: Foirmeacha Diúltaithe na Scéime Maoirseachta agus Ionadaíochta, Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

a luaithe agus is féidir agus, ar aon chaoi, tráth nach déanaí ná an 3 Márta 2014.